**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2020/2273(INI)**

25.3.2021

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar Straitéis Bhithéagsúlachta AE do 2030: an dúlra a thabhairt ar ais inár saol (2020/2273(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Bettina Vollath

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint do na tuarascálacha ó Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol an 24 Eanáir 2018 ina dtugtar tuairisc ar prionsabail chreata maidir le cearta an duine agus an comhshaol, agus an 15 Iúil 2020 dar teideal 'Braitheann cearta an duine ar bhithsféar sláintiúil',

– ag féachaint do Ghealltanas na gCeannairí don Dúlra dar teideal 'Aontaithe chun Caillteanas Bithéagsúlachta a Aisiompú faoi 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe', a ghlac na ceannairí polaitiúla ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht, an 30 Meán Fómhair 2020,

– ag féachaint don staidéar óna Roinn Beartais um Chaidreamh Seachtrach, Aibreán 2020, dar teideal 'Bithéagsúlacht mar Cheart Daonna agus a hImpleachtaí do Ghníomhaíocht Sheachtrach AE',

A. de bhrí go mbainfidh na treochtaí diúltacha atá i réim faoi láthair sa bhithéagsúlacht agus in éiceachórais an bonn ó dhul chun cinn i dtreo 80 % de na spriocanna measúnaithe do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFIanna) na Náisiún Aontaithe i réimsí na bochtaineachta, an ocrais, na sláinte, an uisce, na gcathracha, na haeráide, na n-aigéan agus na talún;

B. de bhrí go leanann paindéim COVID-19 de dhifear a dhéanamh do shláinte agus do shlite beatha daoine ar fud an domhain; de bhrí, má scriostar gnáthóg nádúrtha, go háirithe foraoisí trópaiceacha, ar cúltaiscí eisceachtúla bithéagsúlachta iad, go méadaítear na réimsí teagmhála idir daoine agus an fiadhúlra agus go bhféadfadh sé sin a bheith ina fhachtóir tábhachtach maidir le galair víreasacha a bheith ag teacht chun cinn agus ag leathadh sa todhchaí;

C. de bhrí go bhfuil Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch mar bhonn chun beartais a shainiú lena spriocdhírítear ar bhithéagsúlacht a chosaint ó thaobh chearta an duine de agus chun raon feidhme oibleagáidí idirnáisiúnta bithéagsúlachta i leith chearta an duine a leathnú; de bhrí go réitíonn obair Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus an comhshaol an bealach chun creat dlíthiúil d'oibleagáidí chearta an duine a mhúnlú i ndáil le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta;

D. de bhrí nach mór do AE agus dá Bhallstáit a n-oibleagáidí idirnáisiúnta maidir leis an mbithéagsúlacht agus maidir le cearta an duine a chomhlíonadh de mheon macánta, agus tacaíocht á tabhairt dá chéile acu, de bhreis ar a n-oibleagáidí faoi dhlí AE maidir le comhtháthú beartais i ngníomhaíocht sheachtrach, i gcomhréir leis an oibleagáid faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh chun ardleibhéal cosanta comhshaoil agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais agus i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe;

E. de bhrí, le blianta beaga anuas, go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na gcosantóirí comhshaoil agus talún ar fud an domhain a dúnmharaíodh nó a d'fhulaing mar gheall ar ghníomhartha foréigin ina gcoinne, fuadach, bagairtí, ciapadh, imeaglú agus feachtais chlúmhillte; de bhrí gur minic a bhíonn deacrachtaí agus contúirt mhór os a gcomhair, uaireanta in imthosca a mbíonn saothrú acmhainní nádúrtha dírithe ar bhrabús i dteannta éilliú agus bochtaineacht eindéimeach mar shaintréithe acu;

F. de bhrí go meastar go bhfuil an ceathrú cuid ar a laghad den limistéar talún domhanda faoi úinéireacht, faoi bhainistiú, á úsáid nó mar áit chónaithe ag pobail dhúchasacha agus ag pobail áitiúla, agus go bhfuil an talamh sin faoi strus comhshaoil méadaitheach i ngeall ar ghníomhaíocht an duine; de bhrí go n-aithnítear cearta comhchoiteanna agus cearta aonair na bpobal dúchasach i nDearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasacha;

G. de bhrí go bhfuil méadú suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar thruailliú plaisteach muirí, agus difear déanta don bhithéagsúlacht dá thoradh sin; de bhrí gur cheart, dá bharr sin, iarrachtaí a dhéanamh i dtreo conradh domhanda nua chun dul i ngleic le truailliú plaisteach muirí;

***A thábhachtaí atá éiceachórais shláintiúla agus bithéagsúlacht do chearta an duine***

1. á chur i bhfáth, mar thoradh ar dhíghrádú agus scriosadh na n-éiceachóras agus ar an mbrú atá orthu mar gheall ar shaothrú neamh-inbhuanaithe acmhainní agus an athrú aeráide, go bhfuil speicis á ndíothú agus go bhfuil bithéagsúlacht á cailleadh ag rátaí nach bhfacthas riamh roimhe seo agus go bhfuil cearta daonna na nglún atá ann faoi láthair agus na nglún atá le teacht á gcur i mbaol, amhail na cearta chun beatha, sláinte, bia, uisce, sláintíochta agus tithíochta, chomh maith le cearta na ndaoine is leochailí, lena n-áirítear mná, leanaí, daoine faoi mhíchumas, cearta pobal dúchasach agus cearta pobal tuaithe agus cearta pobal atá ag brath ar acmhainní nádúrtha; á chur in iúl go láidir freisin go bhfuil díghrádú éiceachóras agus strus orthu ag déanamh dochar do na hiarrachtaí foriomlána i dtreo na forbartha inbhuanaithe agus ag baint an bhoinn den dul chun cinn atá á dhéanamh i dtreo an chuid is mó de SDGanna 2030 a bhaint amach, go háirithe na cuspóirí maidir le deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus leis an ocras, rochtain ar uisce agus sláintíocht a áirithiú, slándáil bia a bhaint amach, saol sláintiúil a áirithiú agus neamhionannais shocheacnamaíocha a laghdú laistigh de thíortha agus ina measc;

2. á mheabhrú go mbraitheann táirgiúlacht agus athléimneacht talmhaíochta ar an mbithéagsúlacht chun inbhuanaitheacht córas bia a ráthú gan lotnaidicídí ceimiceacha a úsáid; á chur i bhfios go láidir, thairis sin, a thábhachtaí atá feirmeoireacht inbhuanaithe agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí chun bithéagsúlacht, sláinte, athléimneacht aeráide agus fadsaolaí éiceachóras foraoise a chaomhnú, agus cosaint na bplandaí agus na n-ainmhithe uile atá faoi bhagairtí ar leith, amhail feithidí pailnitheacha;

3. ag leagan béim ar an ngá atá le hiarrachtaí a threisiú chun an bhithéagsúlacht a choimeád agus a athbhunú, go háirithe trí ghníomhaíochtaí éifeachtacha a dhéanamh chun cearta an duine a chosaint agus, ag an am céanna, chun acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe; á iarraidh, i ndáil leis sin, go ndéanfar

cur chuige beartais AE, a bheidh iomlánaíoch agus bunaithe ar chearta an duine, a fhorbairt, ar cur chuige é a bheidh dírithe ar chailliúint agus díghrádú na bithéagsúlachta a chosc, agus le haghaidh beartais earnála AE a ailíniú leis na cuspóirí sin; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá caomhnú na bithéagsúlachta i dTíortha agus Críocha Thar Lear an Aontais Eorpaigh agus sna Réigiúin is Forimeallaí agus á chur i bhfios go láidir, i ndáil leis sin, gur gá cistí agus cláir an Aontais a choimeád atá spriocdhírítear ar an gcuspóir sin; á chur i bhfáth freisin gur gá an dlí idirnáisiúnta um an gcomhshaol agus um chearta an duine, reachtaíocht chomhshaoil agus cearta nós imeachta, cearta maidir leis an gcomhshaol agus cearta an duine a neartú, go háirithe trí rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht an phobail agus rochtain ar cheartas agus leigheasanna éifeachtacha a fheabhsú, agus trí thacú leis an ról ríthábhachtach atá ag pobail áitiúla, pobail dhúchasacha agus cosantóirí chearta an duine maidir leis an mbithéagsúlacht a choinneáil, agus tríd an ról sin a chur chun cinn;

4. á chur i bhfáth go bhfuil an bhithéagsúlacht agus cearta an duine idirnasctha agus idirspleách, agus ag meabhrú na n-oibleagáidí i leith chearta an duine atá ar stáit maidir le cosaint a thabhairt don bhithéagsúlacht ar a bhfuil na cearta sin ag brath, lena n-áirítear trí fhoráil a dhéanamh do rannpháirtíocht na saoránach i gcinntí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht; á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta chun an nasc idir cearta an duine agus sláinte an bhithsféir a aithint ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal náisiúnta; á iarraidh ar an Aontas tacú le haitheantas uilíoch do cheart chun thimpeallacht sláintiúil, inbhuanaithe, ghlan agus shábháilte a bheith á thabhairt ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus ag an gComhthionól Ginearálta; á mheas gur cheart go mbeadh an t-aitheantas sin ina spreagadh do bheartais agus reachtaíocht chomhshaoil níos láidre a bheith ann;

5. ag tacú leis na hiarrachtaí a dhéanann Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaol chun treoir maidir le hoibleagáidí i leith chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol, le héiceachórais agus leis an mbithéagsúlacht a fhorbairt; á iarraidh ar Bhallstáit agus ar institiúidí AE tacú le cur chun feidhme domhanda phrionsabail chreata 2018 i dtaca le cearta an duine agus an comhshaol a thíolaic Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus an comhshaol; á iarraidh ar AE freisin tacú le tionscnamh ceart comhshaoil Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe;

6. á chur i bhfáth go bhfuil sé léirithe ag paindéim COVID-19 a thábhachtaí atá prionsabal na 'hAon Sláinte Amháin' i gceapadh beartais agus go bhfuil gá le hathruithe claochlaitheacha a mbeadh comhar thar dhisciplíní agus earnálacha i gceist leo; á thabhairt chun suntais freisin go bhféadfadh an cúlú domhanda, arb í an phaindéim is cúis leis, stáit ar fud an domhain a bhrú chun a bhfócas a atreorú ó chosaint an chomhshaoil ar mhaithe le gníomhaíocht eacnamaíoch ghearrthéarmach a spreagadh; á chur i bhfáth nach mór bearta chun an bhithéagsúlacht a urramú agus a chosaint a chomhtháthú i ngach earnáil eacnamaíoch;

***An creat Eorpach um rialachas bithéagsúlachta agus an fhreagracht chorparáideach a bheidh ann amach anseo***

7. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún creat nua Eorpach

maidir le rialachas bithéagsúlachta a fhorbairt agus cur chuige cuimsitheach a leanúint ina mbeidh an tsochaí shibhialta rannpháirteach i ról faire comhlíontachta chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme reachtaíocht chomhshaoil AE; á chur in iúl gur geal léi freisin an aidhm atá aige tionscnamh nua a chur chun chinn in 2021 maidir le rialachas corparáideach inbhuanaithe chun aghaidh a thabhairt ar chearta an duine agus ar dhícheall cuí comhshaoil ar fud slabhraí luacha eacnamaíocha; á áitiú, i ndáil leis sin, gur gá reachtaíocht AE a ullmhú maidir le cearta an duine agus dícheall cuí comhshaoil do chuideachtaí AE, do chuideachtaí a bhfuil sainchónaí orthu in AE agus do chuideachtaí tríú tíortha atá ag oibriú sa mhargadh inmheánach, agus oibleagáidí dlíthiúla á bhforchur chun sáruithe díobhálacha féideartha nó iarbhír ar chearta an duine a shainaithint, a mheas, a chosc, a scor, a mhaolú, a mhaoirsiú, a chur in iúl, a chur san áireamh, agus aghaidh a thabhairt orthu, agus iad a réiteach agus a leigheas ar fud a slabhraí soláthair, agus sásraí éifeachtacha faireacháin agus forfheidhmithe á mbunú, i gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine; á iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh go práinneach le haghaidh creat dlíthiúil de chuid AE bunaithe ar dhícheall cuí éigeantach maidir le cearta an duine agus an comhshaol, rud ar cheart a áirithiú leis, i measc cuspóirí eile, go mbeadh slabhraí luacha ann a bheadh inbhuanaithe agus nach mbeadh dífhoraoisiú mar thoradh orthu; á iarraidh ar an gCoimisiún freisin breithniú a dhéanamh ar aghaidh a thabhairt ar allmhairiú earraí a bhíonn a n-eastóscadh nó a dtáirgeadh ina gcúis le scriosadh nó le díghrádú na bithéagsúlachta; ag leagan béim ar an ngá atá leis an tsaoirse ó phionós i leith mí-úsáid ag corparáidí agus stáit a chomhrac trí ionstraimí a chruthú lena bhféadfar dlíthe maidir le cearta an duine agus maidir leis an gcomhshaoil a chur chun feidhme go hiomlán, go héifeachtach agus go marthanach agus trí na hionstraimí sin a fhorfheidhmiú;

8. á chur i bhfáth go mbíonn tionchar suntasach agus ilghnéitheach ag dífhoraoisiú, grabáil talún agus gníomhaíochtaí eile maidir le saothrú agus eastóscadh acmhainní neamh-inbhuanaithe a dhéanann dreamanna príobháideacha nó poiblí áirithe ar phobail dhúchasacha agus ar phobail áitiúla; á chur i bhfáth gur minic nach dtugtar aitheantas do na cearta comhchoiteanna maoine atá ag na grúpaí sin ar a dtalamh, ar a n-uiscí ná ar acmhainní eile a bhí faoi úinéireacht acu go traidisiúnta nó a raibh siad ag cur fúthu ann nó a bhí á n-úsáid acu ar bhealach eile; á chur i bhfios go láidir go mbíonn tionchar díréireach ar mhná má dhéantar a gcearta maoine a choinneáil uathu; á iarraidh ar na geallsealbhóirí agus ar na gnólachtaí uile a bheith rannpháirteach i mbainistiú inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn agus i gcearta na bpobal dúchasach a aithint, lena n-áirítear trí thoiliú saor, roimh ré agus feasach a áirithiú mar aon le rannpháirtíocht éifeachtach ag pobail dhúchasacha agus áitiúila i bpróisis chinnteoireachta maidir le bainistiú agus saothrú acmhainní; á áitiú ar ghnólachtaí dianmheasúnuithe tionchair a dhéanamh ar gach gníomhaíocht a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do bhithéagsúlacht pobal áitiúil agus do thailte comhroinnte pobal dúchasach, d’uiscí agus d’acmhainní nádúrtha eile, i gcomhréir le Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, i gcomhréir le Treoir Díchill Chuí na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta maidir le hIompar Gnó Freagrach agus i gcomhréir le prionsabal creata 12 de chuid Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine agus an comhshaol; á iarraidh ar AE gan tacaíocht ná maoiniú a thabhairt do thionscadail a d’fhéadfadh cur le díshealbhú pobal dúchais óna dtír dhúchais; á chur in iúl gur geal léi an iarraidh a rinneadh i mí na Samhna ar ghníomhaíocht ó na Náisiúin

Aontaithe maidir le todhchaí chuimsitheach, inbhuanaithe agus athléimneach a fhorbairt le pobail dhúchasacha;

***Leas a bhaint as gníomhaíocht sheachtrach AE chun Straitéis Bithéagsúlachta AE a chur chun cinn***

9. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) an bhithéagsúlacht agus a hidirnaisc le cearta an duine a phríomhshruthú i ngníomhaíocht sheachtrach AE, lena n-áirítear trína idirphlé ar chearta an duine agus trína bheartas trádála, beartais uaillmhianacha a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chur chun cinn i bhfóraim idirnáisiúnta, i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le Straitéis Bithéagsúlachta AE, agus bearta a chur chun feidhme trí Phlean Gníomhaíochta AE maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2020-2024) chun aghaidh a thabhairt ar thionchar chailliúint na bithéagsúlachta ar fheidhmiú chearta an duine;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún déileáil le saincheisteanna comhair a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chaomhnú, le sláine an éiceachórais agus le hurraim d’oibleagáidí idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol agus cearta an duine ar bhealach comhchoiteann agus comhsheasmhach, go háirithe trí chomhaontuithe cuimsitheacha agus earnála idirnáisiúnta AE agus trí idirphlé polaitiúil le tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear trí rialacha trádála córa a leanúint i ndáil leis an gcomhshaol, agus an leas is fearr a bhaint as measúnuithe tionchair ar chearta an duine agus ar fhorbairt inbhuanaithe agus as na moltaí gaolmhara; á iarraidh ar an gCoimisiún staidéir chríochnúla a dhéanamh ar mheasúnú tionchair sula gcuirfear comhaontuithe trádála agus comhair i gcrích agus sula gcuirfear tionscadail forbartha chun feidhme, agus béim ar leith á leagan ar an tionchar a bheidh acu ar chearta agus ar shaol na bpobal áitiúil a thomhas; á áitiú nach mór go ndéanfar measúnuithe tionchair le fíor-rannpháirtíocht fhointeach na sochaí sibhialta agus na bpobal áitiúil agus go gcuirfear a dtorthaí san áireamh go cuí; á iarraidh ar an gCoimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar chur i gcrích tionscadal i gcás ina mbeidh éifeachtaí díobhálacha féideartha nó iarbhír ann ar chearta an duine a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an mbithéagsúlacht; á iarraidh freisin ar an gCoimisiún agus ar SEGS treoirlínte a tharraingt suas maidir leis an gceart chun comhshaol glan, sláintiúil, sábháilte agus inbhuanaithe a bheith ann, an bhithéagsúlacht agus a hidirnaisc le cearta an duine a áireamh ina dtuarascálacha tréimhsiúla maidir le staid chearta an duine i dtíortha neamh-AE, agus uirlisí agus ábhair oiliúna a fhorbairt do Thoscaireachtaí AE maidir le hábharthacht na bithéagsúlachta dá gcuid oibre ar chearta an duine; á iarraidh ar Thoscaireachtaí AE a bheith rannpháirteach leis an lucht gnó agus le geallsealbhóirí ábhartha chun feasacht a mhúscailt, tionscadail a spreagadh, rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta a éascú, agus faisnéis a chomhroinnt i ndáil leis sin;

11. á chur i bhfáth nach mór do chomhaontuithe trádála tacú leis an mbithéagsúlacht i dtríú tíortha agus rannchuidiú léi ar bhealach dearfach, lena n-áirítear trí chaibidlí maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe (TSD) atá láidir, uaillmhianach agus forfheidhmithe mar is ceart; ag tathant ar Phríomhoifigeach Forfheidhmithe Trádála an Choimisiúin, i ndáil leis sin, maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcomhaontuithe sin i ndlúthchomhar le Parlaimint na hEorpa; á chur in iúl gur geal léi caighdeáin

idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol agus cearta an duine a bheith á gcomhtháthú faoi chuimsiú Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (GSP); á iarraidh ar an gCoimisiún na hidirnaisc idir an bhithéagsúlacht agus cearta an duine a chur san áireamh, agus measúnú á dhéanamh ar chur chun feidhme coinbhinsiún idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus an comhshaol faoi GSP; á iarraidh go ndéanfar Coinbhinsiún Uimh. 169 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Pobail Dhúchasacha agus Threibheacha a áireamh sa chreat sin agus á mholadh do Bhallstáit AE nach bhfuil an coinbhinsiún daingnithe acu go fóill é a dhaingniú; á iarraidh go mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach in idirphlé GSP agus go gcuirfear lena thrédhearcacht;

12. á iarraidh ar an gComhairle sainordú a thabhairt don Choimisiún caibidlíocht a dheanamh thar ceann AE maidir lena rannpháirtíocht sa mheitheal idir-rialtasach oscailte i dtaobh corparáidí trasnáisiúnta agus fiontair ghnó eile i leith chearta an duine d’fhonn Conradh ceangailteach agus infhorfheidhmithe de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le gnó agus cearta an duine a ghlacadh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an próiseas sin, go háirithe i ndáil le feiniméan na grabála talún agus a thionchar ar an mbithéagsúlacht agus ar dhaoine dúchasacha agus ar chearta an duine;

13. ag tabhairt ómós do chosantóirí chearta an duine agus cosantóirí cearta talún, ionadaithe pobal áitiúil, dlíodóirí agus iriseoirí atá ag seasamh an fhóid chun acmhainní nádúrtha a chosaint, agus ag cáineadh go láidir mharú na ndaoine sin agus ag cáineadh go láidir gach gnímh foréigin, lena n-áirítear maruithe, agus coiriúlú a ngníomhaíochtaí; ag aithint rannchuidiú, taithí agus eolas na ngrúpaí sin sa chomhrac i gcoinne chailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú comhshaoil;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS leanúint de chásanna cosantóirí chearta an duine agus cosantóirí ceart talún atá faoi bhagairtí foréigin a ghlacadh chucu go córasach leis na tíortha lena mbaineann; á iarraidh ar SEGS, i ndáil leis sin, leanúint de liosta de chásanna aonair de sháruithe ar chearta an duine i gcoinne chosantóirí chearta an duine a thabhairt ar láimh, agus páirt á glacadh aige in idirphlé maidir le beartas um chearta an duine agus i gcuairteanna ar institiúidí tríú tír um chearta an duine;

15. á chur in iúl gur geal léi go ndearna Sásra AE um Chosantóirí Chearta an Duine ‘ProtectDefenders.eu’ a anathnuachan i mí na Samhna 2019 go ceann trí bliana eile; á athmheabhrú a thábhachtaí atá an sásra sin i dtaca leis na riachtanais agus éagsúlacht na bhfadhbanna atá ag dul i méid, lena n-áirítear foréigean agus ionsaithe a dhéantar i gcoinne cosantóirí chearta an duine, talún agus comhshaoil; á iarraidh go ndéanfar an sásra sin a atreisiú agus a athmheasúnú go leanúnach i gcomhréir leis na riachtanais atá aige;

16. ag tathant ar an gCoimisiún straitéis shonrach chosanta agus tacaíochta a shainiú do phobail áitiúla agus do chosantóirí chearta an duine agus do chosantóirí ceart talún, ar straitéis í ba cheart a chomhordú thar gach clár cúnaimh sheachtraigh; á iarraidh freisin go dtabharfar tacaíocht fheabhsaithe d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta a oibríonn chun an comhshaol agus an bhithéagsúlacht a chosaint, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí a bhunú agus trí chumas a fhorbairt chun cearta pobal dúchasach agus pobal áitiúil a chosaint;

17. á iarraidh ar ionadaithe an Aontais agus na mBallstát a bheidh rannpháirteach i gComhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (COP 15) i mí na Bealtaine 2021 in Kunming, an tSín, tacú leis an mbithéagsúlacht agus a áirithiú go mbeidh gníomhaíocht dhomhanda maidir leis an mbithéagsúlacht agus cuspóirí gaolmhara nasctha le hurraim agus cosaint do chearta chun beatha, sláinte, bia, uisce agus tithíochta, chomh maith leis na cearta daonna atá ag mná, leanaí, daoine faoi mhíchumas agus grúpaí leochaileacha eile a ndéanann cailliúint na bithéagsúlachta difear dóibh; ag athdhearbhú a hiarrata go ndéanfaidh AE an ardleibhéal uaillmhéine céanna a éileamh le linn na caibidlíochta chun machaire comhréidh domhanda a áirithiú, lena n-áirítear spriocanna idirnáisiúnta um athchóiriú agus cosaint idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí, spriocanna arbh ionann iad agus 30 % ar a laghad faoi 2030 chun uaillmhianta inmheánacha AE a léiriú; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dul i gcomhairle agus i rannpháirtíocht le grúpaí ábhartha na sochaí sibhialta agus le geallsealbhóirí leasmhara eile roimh COP 15, lena linn agus ina dhiaidh; ag tacú go láidir le cearta an duine a chomhtháthú i gCreat Domhanda Bithéagsúlachta COP 15 tar éis 2020 agus á iarraidh go mbunófar cuspóirí maidir le caomhnú an dúlra ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal náisiúnta, ag tógáil ar an gceart chun comhshaol glan, sláintiúil, sábháilte agus inbhuanaithe;

18. á chur in iúl gur geal léi tiomantas cheannairí stáit agus rialtais AE faoi ‘Gealltanas na gCeannairí ar son an Dúlra’ chun deireadh a chur le coireanna comhshaoil, agus leis sin maraidhm acu, creataí dlíthiúla éifeachtacha athchomhairleacha a áirithiú; ag tathant, i ndáil leis an méid sin, ar AE agus ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le coireanna comhshaoil agus chun cur chuige idirnáisiúnta maidir leis an dlí coiriúil comhshaoil a chur chun cinn; á iarradh go mbunófar creataí dlíthiúla chun rochtain ar leigheasanna éifeachtacha a áirithiú i gcás chaillteanas agus dhíghrádú na bithéagsúlachta; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit tionscnaimh nua a shaothrú chun coir a aithnítear faoi Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a dhéanamh den ‘éiceadhíothú’, á áirithiú go dtabharfar lucht a dhéanta chun chuntais; á mholadh go leathnófaí raon feidhme na sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a chumhdaítear le Córas Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine chun coireanna comhshaoil a chur san áireamh; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar ghné sheachtrach AE den Treoir um Choireacht Chomhshaoil agus den Treoir maidir le Dliteanas Comhshaoil.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 17.3.2021 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 55<br>–: 5<br>0: 10 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Lars Patrick Berg, Anna Bonfrisco, Reinhard Bütikofer, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Tanja Fajon, Anna Fotyga, Michael Gahler, Giorgos Georgiou, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Márton Gyöngyösi, Sandra Kalniete, Karol Karski, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Antonio López-Istúriz White, Claudiu Manda, Lukas Mandl, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Gheorghe-Vlad Nistor, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Kati Piri, Giuliano Pisapia, Jérôme Rivière, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Andreas Schieder, Radosław Sikorski, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Tineke Strik, Hermann Tertsch, Hilde Vautmans, Harald Vilimsky, Idoia Villanueva Ruiz, Thomas Waitz, Witold Jan Waszczykowski, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Markéta Gregorová, Marisa Matias, Nicolae Ştefănuță |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Stelios Kympouropoulos, Leopoldo López Gil, Samira Rafaela |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 55 | + |
|---|---|
| NI | Fabio Massimo Castaldo, Márton Gyöngyösi |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Andrius Kubilius, Stelios Kympouropoulos, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Lukas Mandl, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Radosław Sikorski, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Samira Rafaela, Nicolae Ştefănuță, Hilde Vautmans |
| S&D | Maria Arena, Włodzimierz Cimoszewicz, Tanja Fajon, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Claudiu Manda, Sven Mikser, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Kati Piri, Giuliano Pisapia, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Sergei Stanishev |
| The Left | Giorgos Georgiou, Marisa Matias, Manu Pineda, Idoia Villanueva Ruiz |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, Reinhard Bütikofer, Markéta Gregorová, Jordi Solé, Tineke Strik, Thomas Waitz, Salima Yenbou |

| 5 | - |
|---|---|
| ECR | Hermann Tertsch, Charlie Weimers |
| ID | Lars Patrick Berg, Harald Vilimsky |
| NI | Kostas Papadakis |

| 10 | 0 |
|---|---|
| ECR | Anna Fotyga, Karol Karski, Jacek Saryusz-Wolski, Witold Jan Waszczykowski |
| ID | Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi, Thierry Mariani, Jérôme Rivière |
| PPE | David Lega, Miriam Lexmann |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 :